FSSU
Financial Support Services Unit

Emmet House, Milltown, Dublin 14
Tel: 01 2690677 Email: info@fssu.ie

# Financial Guideline 2020/2021 - 02

**Community & Comprehensive and Voluntary Secondary Schools**

## Update from the Revenue Commissioners
## COVID-19 Payments - New Employment Wage Support Scheme

### 1. Employment Wage Support Scheme Update

A new Employment Wage Support Scheme (EWSS) will run in parallel to the Temporary Wage Subsidy Scheme (TWSS) from 31 July as announced by the Government. The new EWSS is set to succeed the TWSS from 1 September and continue to the end of March 2021. Please see Financial Guideline 2019/2020 -39 for further information on TWSS.

The EWSS will require boards of management to reassess their eligibility for wage support. Therefore, to avail of the scheme a board must be able to provide details of the income stream/separate business unit. This income stream must have fallen by 30 per cent for the period July to December 2020, compared to the same period last year to be eligible.

Under the EWSS boards will receive a flat-rate subsidy of up to €203 or €151.50 per employee, per week, depending on the employee's gross weekly pay. A subsidy will not be available for employee's whose gross weekly earnings are less than €151.50 or greater than €1,462.

Further information on the EWSS will be issued shortly. For general issues relating to both schemes, boards should contact Revenue's National Employer Helpdesk via the myEnquiries system.

### 2. Update on COVID-19 Pandemic Unemployment Payment Rates until April 2021

The COVID-19 Pandemic Unemployment Payment will be in place until April 2021. Payment rates will change further on the 17 September 2020, 1 February 2021 and on 1 April 2021.

## Rate Changes from 17 September 2020

From 17 September 2020 until 31 January the Pandemic Unemployment Payment will be paid at 3 rates. The rate received will depend on the amount the employee used to get paid:

- employees earning less than €200 per week - the rate of the COVID-19 Pandemic Unemployment Payment will be €203 per week

- employees earning between €200 and €300 per week - the rate of the COVID-19 Pandemic Unemployment Payment will be €250 per week

- employees earning over €300 per week - you will receive €300 per week

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU.

Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

*24th August 2020*

FSSU
Financial Support Services Unit

Teach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14
Guthán: 01 2690677 R-phost: info@fssu.ie

# Treoirlíne Airgeadais 2020/2021 - 02

**Pobalscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha**

## Tuairisc chun dáta ó na Coimisinéirí Ioncaim
## An Scéim Nua Fóirdheontais Pá Fostaíochta – Íocaíochtaí COVID-19

### 1. Tuairisc chun dáta faoin Scéim Nua Fóirdheontais Pá Fostaíochta

Beidh Scéim Nua Fóirdheontais Pá Fostaíochta ag rith i gcomhthráth leis an Scéim Fóirdheontais Pá Shealadach ón 31 Iúil, mar atá fógartha ag an Rialtas. Tá an Scéim Nua Fóirdheontais Pá Fostaíochta le bheith curtha in áit na Scéime Fóirdheontais Pá Sealadaí ón 1 Meán Fómhair, agus leanfar di go dtí deireadh Mhárta 2021. Féach Treoirlíne Airgeadais 2019/2020-39 chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá.

De réir na Scéime Fóirdheontais Pá Fostaíochta, beidh ar bhoird bhainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a n-incháilitheacht le haghaidh tacaíocht phá. Ar an ábhar sin, chun leas a bhaint as an scéim, is gá do bhord a bheith in ann sonraí a sholáthar faoin sruth ioncaim/aonad gnó ar leith. Chun a bheith incháilithe, is gá go mbeadh laghdú 30 faoin gcéad tagtha ar an sruth ioncaim sin don tréimhse ó Iúil go dtí Nollaig 2020, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.

Faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, gheobhaidh boird fóirdheontas ar ráta comhréidh suas le €203 nó €151.50 in aghaidh an fhostaí sa tseachtain, ag brath ar phá comhlán seachtainiúil an fhostaí. Ní bheidh fóirdheontas ar fáil d'fhostaithe a bhfuil a dtuilleamh comhlán seachtainiúil níos lú ná €151.50 ná níos mó ná €1,462.

Eiseofar tuilleadh eolais faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta go gairid. Má bhíonn aon cheisteanna ginearálta ag bord maidir leis an dá scéim, ba chóir dó dul i dteagmháil le Deasc Chabhrach Náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim d'Fhostóirí tríd an gcóras M'Fhiosruithe.

### 2. Tuairisc chun dáta ar Rátaí Íocaíochtaí Dífhostaíochta Phaindéim COVID-19 go dtí Aibreán 2021.

Beidh Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim COVID-19 i bhfeidhm go dtí Aibreán 2021. Beidh tuilleadh athruithe ar na rátaí íocaíochta ar an 17 Meán Fómhair 2020, ar an 1 Feabhra 2021 agus ar an 1 Aibreán 2021.

## Athruithe ar Rátaí ón 17 Meán Fómhair 2020

Ón 17 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Eanáir, déanfar an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime a íoc ar 3 ráta. An ráta a gheobhaidh duine, braithfidh sé ar an méid a bhíodh á íoc leis an té sin:

- i gcás fostaithe a mbíodh níos lú ná €200 sa tseachtain á thuilleamh acu, gheobhaidh siad €203 sa tseachtain mar Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime COVID-19
- i gcás fostaithe a mbíodh idir €200 agus €300 sa tseachtain á thuilleamh acu, gheobhaidh siad €250 sa tseachtain mar Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime COVID-19
- i gcás fostaithe a mbíodh níos mó ná €300 sa tseachtain á thuilleamh acu, gheobhaidh siad €300 sa tseachtain

Ná bíodh aon drogall ort teagmháil a dhéanamh le FSSU má theastaíonn tuilleadh cabhrach uait.

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 24 Lúnasa 2020*